Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0272(COD)**

**14477/22**

**LIMITE**

**CYBER 353**
**JAI 1430**
**DATAPROTECT 303**
**MI 799**
**CSC 505**
**CSCI 163**
**CODEC 1686**
**IA 179**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14680/22, 12429/22 + ADD 1-6 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/102<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

Dhréachtaigh an Uachtaránacht tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020, chun tuarascáil a thabhairt ar an obair a rinne comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle go dtí seo agus ar an staid mar atá agus scrúdú á dhéanamh ar an togra.

Chuir an Uachtaránacht an tuarascáil sin faoi bhráid na Meithle Cothrománaí um Chibircheisteanna ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Samhain 2022.

**RÉAMHRÁ**

1. An 15 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020. Is ina haitheasc ar Staid an Aontais i mí Mheán Fómhair 2021 a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen den chéad uair go mbeadh a leithéid ann, agus luadh an smaoineamh arís sna conclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2022 maidir le cibearsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt, conclúidí inar iarradh ar an gCoimisiún ceanglais choiteanna chibearshlándála a mholadh maidir le feistí nasctha, roimh dheireadh 2022. Sular fógraíodh an méid sin, cuireadh i dtreis sna conclúidí ón gComhairle maidir le cibearshlándáil feistí ceangailte, a glacadh an 2 Nollaig 2020, a thábhachtaí atá sé measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht chothrománach, agus na coinníollacha is gá a shonrú freisin maidir le rochtain ar an margadh, chun aghaidh a thabhairt san fhadtéarma ar ghnéithe ábhartha uile de chibearshlándáil feistí ceangailte, amhail infhaighteacht, sláine agus rúndacht.

2. Is é is cuspóir don togra, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, comhchuibhiú a dhéanamh ar cheanglais riachtanacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha i ngach Ballstát agus ceanglais fhorluiteacha a eascraíonn as píosaí éagsúla reachtaíochta a sheachaint. Is é is aidhm don togra na bearnaí sa reachtaíocht chibearshlándála atá ann cheana a líonadh trína áirithiú go mbeidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, mar shampla táirgí IoT – Idirlíon na Rudaí Nithiúla – amhail ceamaraí baile nasctha, cuisneoirí, teilifíseáin, bréagáin agus bogearraí neamhleabaithe, go mbeidh na táirgí sin slán feadh an tslabhra soláthair ar fad agus ar feadh a saolré ar fad. Soiléiríonn sé freisin na naisc leis an reachtaíocht atá ann cheana agus cuidíonn sé leis an reachtaíocht atá ann cheana a dhéanamh níos comhleanúnaí. Ar deireadh, cuireann an togra ar chumas na n-úsáideoirí an chibearshlándáil a chur san áireamh agus táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha á roghnú agus á n-úsáid acu.



PUBLIC

3. Go háirithe, déantar an méid seo a leanas a leagan síos leis an togra:

- rialacha maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh chun cibearshlándáil na dtáirgí sin a áirithiú;
- ceanglais fhíor-riachtanacha le haghaidh dearadh, forbairt agus táirgeadh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus oibleagáidí d'oibreoirí eacnamaíocha i dtaca leis na táirgí sin i ndáil leis an gcibearshlándáil;
- ceanglais fhíor-riachtanacha le haghaidh na bpróiseas láimhseála leochaileachta a chuireann monaróirí i bhfeidhm chun cibearshlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a áirithiú le linn na saolré iomláine, agus oibleagáidí d'oibreoirí eacnamaíocha i dtaca leis na próisis sin; agus
- rialacha maidir le faireachas margaidh agus forfheidhmiú na rialacha agus na gceanglas thuasluaite.

**STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LEIS AN OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE**

4. Chrom an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna ar an togra an 21 Meán Fómhair 2022, le cur i láthair ginearálta ón gCoimisiún. Tar éis an chur i láthair ginearálta sin, phléigh an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna an measúnú tionchair ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Meán Fómhair 2022. Chuir roinnt Ballstát forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach chun tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an measúnú.

5. Léigh an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna téacs an Rialachán atá beartaithe, ó thús deireadh, ag na cruinnithe a bhí aici an 5, an 12, an 19 agus an 26 Deireadh Fómhair 2022. Leis an léamh tríd an téacs sin, bhí na Ballstáit in ann mínithe mionsonraithe a iarraidh agus a fháil ón gCoimisiún maidir le hairteagail agus iarscríbhinní uile an Rialacháin atá beartaithe.

PUBLIC

6. Ina theannta sin, sa chruinniú a bhí ag an Meitheal Chothrománach um Chibircheisteanna an 9 Samhain 2022, thug an Coimisiún míniú mionsonraithe ar na rialacha maidir le dliteanas táirgí san Aontas agus béim ar leith á leagan aige ar thogra le haghaidh Treoir a foilsíodh le déanaí maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha agus ar idirghníomhú an Rialacháin atá beartaithe agus rialacha an Aontais maidir le dliteanas i leith táirgí.

7. Arna iarraidh sin don Uachtaránacht agus bunaithe ar an spéis a léirigh na Ballstáit, d'eagraigh an Coimisiún ceardlann ar líne ar an gCreat Reachtach Nua an 13 Deireadh Fómhair 2022 chun soiléiriú a dhéanamh ar struchtúr agus ar ghnéithe bunúsacha an Chreata Reachtaigh Nua le haghaidh reachtaíocht an Aontais maidir le táirgí, arb é a úsáidtear mar bhonn don Rialachán atá beartaithe. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún sonraí ar fáil maidir le himeacht ón gCreat Reachtach Nua a bhaineann go sonrach leis an Rialachán atá beartaithe.

8. An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC. Dúradh sna conclúidí gur dhíol sásaimh an Rialachán atá beartaithe, mar ionstraim reachtach thábhachtach chun forbairt shlán táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur chun cinn, agus chun a áirithiú go gcuirfear an chibearshlándáil san áireamh i saolré iomlán táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ina theannta sin, thug an Chomhairle dá haire go bhféadfadh an togra atá beartaithe cuidiú mór a thabhairt chun slándáil an tslabhra soláthair TFC a neartú agus mhol sí go ndéanfaí caibidlíocht chuiditheach i leith an Rialacháin atá beartaithe agus go nglacfaí go tráthúil é.

9. An 9 Samhain 2022, d'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) tuairim maidir leis an togra[1].

10. Sna cruinnithe sin den Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna ina ndearnadh an Rialachán atá beartaithe a léamh ó thús deireadh, ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na Ballstáit an Rialachán atá beartaithe, a measadh a bheith iomchuí, agus thacaigh na Ballstáit go ginearálta lena chuspóirí foriomlána. Chuir roinnt Ballstát chun suntais gur tábhachtach an ghné den Rialachán atá beartaithe an nádúr cothrománach atá ag baint leis.

[1] Tuairim 8/2022 ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí



PUBLIC

11. Sa phlé a rinneadh, d'iarr na Ballstáit soiléiriú breise maidir le raon feidhme an togra, go háirithe a mhéid a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear Bogearraí mar Sheirbhís, agus cé chomh leathan atá an t-eisiamh ó raon feidhme na dtáirgí a forbraíodh go heisiach chun críoch slándála náisiúnta agus míleata. Ina theannta sin, thug na Ballstáit le fios gur fiú plé críochnúil a dhéanamh ar scóipiú na dtáirgí criticiúla. Leag na Ballstáit béim freisin ar an ngá atá le soiléireacht maidir leis an idirghníomhaíocht le reachtaíocht ábhartha eile, amhail Treoir NIS 2 nó an Gníomh um Chibearshlándáil. Chuir roinnt Ballstát chun suntais an gá atá le soiléiriú a dhéanamh ar roinnt téarmaí a úsáidtear sa Rialachán atá beartaithe.

12. Ina theannta sin, d'iarr na Ballstáit freisin go ndéanfaí dlúthmheasúnú ar an ualach a eascraíonn as oibleagáidí faoin Rialachán atá beartaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí nuathionscanta atá ag forbairt agus ag monarú táirgí ag a bhfuil gnéithe digiteacha agus a chumhdaítear leis an Rialachán atá beartaithe. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur mian leo scrúdú géar a dhéanamh ar an teorannú atá beartaithe a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach ionas nach mbeadh sé i gceist ach ar feadh shaolré ionchasach táirgí nó 5 bliana tar éis táirge a chur ar an margadh inmheánach, cibé acu is giorra.

13. Ina theannta sin, léirigh na malartuithe tuairimí a bhí ann le linn na seisiún léitheoireachta gur cheart tuilleadh plé a dhéanamh ar an ról agus ar na cúraimí atá beartaithe do ENISA.

14. Tar éis an phlé a rinneadh sa Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna, d'iarr an Uachtaránacht ar na Ballstáit barúlacha i scríbhinn a thíolacadh maidir le raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe agus maidir leis an gclásal ar an tsaorghluaiseacht, lena n-áirítear Airteagail 2 agus 4, agus lena n-áirítear Airteagal 3 go páirteach. Creideann Uachtaránacht reatha na Seicia agus Uachtaránacht inteachta na Sualainne araon go ndéanfar an soiléiriú a theastaíonn ar infheidhmeacht an Rialacháin atá beartaithe, agus go gcuirfear bonn maith don phlé amach anseo, ach cromadh ar cheist an raon feidhme agus ar chlásal na saorghluaiseachta sa chéad seisiún caibidlíochta a bheidh ann sa Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna.

15. Ar bhonn aighneachtaí i scríbhinn ó na Ballstáit agus ar bhonn na hoibre a rinneadh sa Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna, tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht téacs comhréitigh a dhréachtadh maidir leis an raon feidhme agus maidir le clásal na saorghluaiseachta.

PUBLIC

16. Deich gcinn de chruinnithe ar fad a bheidh tionólta ag an Meitheal Chothrománach um Chibircheisteanna maidir leis an togra le haghaidh an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht faoi Uachtaránacht na Seicia.

17. Ag tógáil ar an dul chun cinn atá rinneadh faoi Uachtaránacht na Seicia, leanfaidh Uachtaránacht inteachta na Sualainne uirthi ag obair ar an gcomhad tábhachtach seo d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta.

18. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn atá déanta maidir leis an scrúdú ar an togra le haghaidh Rialacháin a thabhairt dá n-aire.

PUBLIC